 ɿ gan a bec nō [a] mōr do dēanam ar an impidhe sin !’
 Agus cērbh eadh, dorinne umallfhosaig dhūinn.
 Agus niarb fada dam-sa mur sin in ua[i]r do gabh
 520 an īota ba mō ar domhan mē ɿ nīar glac a macasamla
 mē ariamh roimhe sin ; ɿ nīr mothaidh duine dá
 raibhe astigh mē mur sin ach[t] Cao[i]lte ina aonur,
 ɿ do uhī dom’ ēagaoine-si co mōr ɿ nī raibhe fhios
 aige eionnus d’furteōchadh sé orm. ‘Crēad ē in
 525 ēagao[i]ne sin ort ?’ [20] ar fear in tighe re Caoilte.
 ‘Acht ēirghe amach ɿ tabhar deoch leat as an dara
 tioprait atā ’[s]an bfhaithche aga bfhuighe tū an
 t-easra ālainn cum an rí-fēindidh.’ Arna e[h]los
 sin do Caoilte, do gluais Caoilte *roimhe* cum na
 530 tiopraiti ɿ do chuir an t-easra fōn tioprait ɿ tuc
 [a] lān leis cugum-sa, ɿ tuc amh’ lāimh-si ē ; ɿ
 ibim-si deoc[h] as ɿ do uhī blas meala fuirre an fad
 do bhīos ag a hōl, ɿ in ua[i]r do cuiri[u]s dom e[h]ion[n]
 i, do bhī blas an domlais ae um’ bhēl dā hēisi ɿ do
 535 ēirgedur mo gaoi crō ɿ na huile ghallradha ɿ easláinti
 orum ; do badh bec mā b[h]ī anaithnidhe mē, mur
 tāncadur airgheanna bāis ɿ becsao[gha]il damh ;
 ɿ gēr mōr ēagao[i]ne Caoilte orm-sa *roimhe* sin, do
 ba ro mō a ēagaoin[e] an uair sin orm inā sin. Is
 540 an[n] sin do labha[i]r in t-ōglach arīs re Caoilte ɿ
 adubairt ris a dol amach ɿ deoch do tabairt leis as
 an dara tioprait do uhī amuigh cugum-sa. Do
 chuaidh Cao[i]lte amach an[n] sin ɿ tug lān an casra
 aghghairbh iairnaidhe cugum-sa as an dara tioprait.
 545 Ibhim-si deoch as, ɿ in comhaired bhādhus ag a hōl
 nocha fuerus teandta *catha* nō comhluiinn ariamh
 badh doilge liom nō fad do bhīos dá hōl ar a sheiruhe,

*x gurab ole do roind sé orm-sa 7 gurab éageoir do
dearmuid sé misi fán muic?*

17

7 in ua[i]r do cuirius dom' c[h]ionn i tāinic mo dhat
féin orm aris. Is an[n]sin do fiafraigh in t-ōglach
'nar bhruithe an mhuc do bhí 'sa gcoire. 'As eadh
eo d[e]imhin' ar an t-ait[h]each. 'Do concus damh
féin in mhuc do ruind' ar in t-ōglach. 'Ciondus
sin?' [ar] in t-aitheach. 'Béarad [an] ceathramha
deiridh d'Fionn 7 dā choin 7 bēarad an ceathramha
deiridh eile dā ceathrur ōglach [21] 7 [an] ceathramha
cind dā ceithre conuibh, 7 bia[i]dh in ceathramha eile
agum féin 7 ag an scolōg ūd thall ag in teinidh 7 ag
in cailligh út thiar 'sa ceuilidh, 7 bēarad a droim 7
a tarr 7 a huruscall duit-si 7 don inghin ōig sin it'
fharadh.' "Is briathar dhamh-sa' ar in t-aitheach 560
'gur maith do roinndis í.' 'Is briathar dhamh-sa'
ar in peata reithe 'gurab ole do roind-se orm-sa 7
gurab éageoir do dearmuid-se misi fán muic.' Agus
is cuma ro bhí dā rādha 7 tug sithi sanntach
solāmhaidhe ar in cceathramain do bhí a bhfiadhnuise 565
mo ceathruir ōglach-sa 7 ruc leis insa ceuilidh i 7
do gabh ag a hithi ina bhfiadhnuise. Do c̄irgedur mo
muinntir-sa 7 tucadur a cceit[h]re ceuilg amach
7 do gabhadur ag bualadh in reithe a n-aonfeacht; 7
nírb fearrde fordeargadh air 7 nír scuir [e]isean d'ithe 570
na ceathramhan. Is an[n] sin do labhair in scolōg
go rabhadur na sūile iomda ina cheann 7 as eadh
adubairt: 'A c[h]omhdhe cumhachtaigh, is maирg
gā bful in ceathrur ōglach do leig don reithe a
ccuid [d']ithe dá n-aimdheón féin ina bhfiaghnuise.' 575
Agus is cumha ro bhí dā rādha 7 tue in scolōg sithe
ar in reithe 7 do cuir a cheithre cossa ina lāimh 7
tug ure[h]jur dhe don taob [a]mach don dorus; 7
ní fhacamur in reithe an fad do bīmur asteigh acht sin.
Nírb fada dhūinn 'na dhiaidh sin in tan do éirge in 580
chailleach 7 tue ure[h]jur don uhrat odur-glas do uhī
uimpc ar mo ceathrur ōglach-sa, 7 dorineadh ceithre

seanōiridhe crion-croma cūil-liatha enāim-arrsaидh
 dīobh ; ɿ mur do e[h]jonaire misi sin ” ar Fiond, “ do
 585 ghabh [22] eagla mōr mē eo ecuirfidhe mē féin insna
 reachtuib sin. Agus mur do mothaidh in t-ōglāch do
 bhí astigh in eagla sin orum-sa, do goir sé misi cuig[e]
 féin, ɿ do chuadhas an[n] sin gan fhuireach ɿ do
 shuidhios ara gualainn ; ɿ tāinic āilgios codhlata
 590 damh ɿ adubairt in t-ōglāch riom mo e[h]jeand do cur
 ar a glūn ɿ codl[adh] do dhēanam ; ɿ dorinnus
 amhlaidh sin, ɿ is gairit do bādhus an[n] in tan do
 mhūscail mē as mo e[h]jodladh, ɿ do ēirghe in cailleach
 595 ɿ do bhain in brat dom' cheathrur ōglāch-sa ɿ do cuir
 ina reachtuibh féin iat arīs. ‘ Maith, a mh'anam, a
 Find,’ ar in t-ōglāch, ‘ an iongnadh leat cōrughadh
 an tighe-si in[a] bfulir ? ’ Adubras ” ar Fionnd,
 “ nach bfaca-sa ariamh ní badh ionganta nā ē,
 ‘ Inneōsat-sa duit-si, a Fhind,’ ar in t-ōglāch.
 600 ‘ ordughadh ɿ samhlaidh in tighe-si. An t-aitheach
 ūd [do] conceais ɿ in mhue i nglaie na gabhla aige,
 an leisge tuigtear [as] sin ; ɿ in inghean do conceais ina
 fharradh, meanma an duine tuictear as sin ; ua[i]r
 as i is luait[h]e ar bith, ua[i]r cuiridh an duine a
 605 meanma rē prap na sūl isan eōlus nach rac[h]fad
 sē féin an[n] rē dhā fhichid bliadhan ; ɿ as i an
 inghean ruc uaibh-si in t-aitheach ūt iteonecais ; ɿ
 in scolög ūt iteonecais ɿ na sūile iomdhá ina cheann
 an saogal tuigtear as sin, ua[i]r is ionnan airgionna
 610 dhōibh ; ɿ an reit[h]e ūd iteonecais, cosamhlacht an
 duine tuigtear as ; an bolgān geal atā aige, subh-
 ac[h]us in duine sin ; ɿ in dá adhaire dubhgorma
 iteonecais, cosamlacht in ēaga sin ; ɿ na ceithre cossa
 uaine iteonecais aige .i. ceithre tallona na haimsire
 615 sin .i. ceithre rāithe na bliadhna. Agus an bfaca
 tū mur do ēirghe an saogal cum an reit[h]e ɿ cuir
 [23] ar neimhthnī a g[e]ēadōir ē ? ōir téid āg[h] an
 tshaogail ar gach crēatūir ar in domhan. Agus

in eailleach iteconcais, an crīne tuigtear aisde, 7 do conaire tú féin mur do c[h]rion a hēadach a[n] ceathrur laoch arar chuir ē ; 7 in fhīrinde 7 in breug tuigtear as in dā thiobraid asar ibhis in dā dhīgh, òir gi millis le duine in breug dhā dēanamh, is searbh fā dheōigh i, 7 in fhīrinde *imorro*, gidh searbh le duine 'gā dēanamh, is millis fā dheōigh i. Agus is iat sin scéala 7 iomthūs 620 in tigh[e]-si, a Finn,' ar in t-ōglāch ; ‘ 7 ní ann so do ghrēus bhīm-si ; 7 co ttugus grādh ēagmails duit-si 625 7 gur chuir[i]us in t-ait[h]each ūt ar do cheann dot thaphairt don tigh-so anocht ar tī neamhshuimh do bheith agad ionnsa saogal 7 a *chosmalacht* do 630 thaisbēanadh dhuit ; 7 bēarair-si fios mōr leat [a] haithle h'oīdhachta anocht 7 badh ē “ oīdhachta Find go teach Cuanna ” ainm in seeō[i]ll-si co brāth. Agus a n-Innsibh Ciūil bhīm-si do bhunadh,' ar in t-ōglāch. Do bhīmur mur sin in oidheche sin ” ar 635 Fionn, “ 7 ag ēirge dhūinn as ar ecodhladh arna mhārach, is an[n] fuaramur sin[n] féin, a mullach Chairn bhFearadaigh 7 ar ecoin 7 ar n-airm aguinn go hiomlān ” ; 7 itbert Fiond :

Cūigear [do] chuadhmur do sheilg
co Cairn bFearadaigh bhforrdeirg,
Oisín, Mac Lugach má le,
Caoilte is Diarmuid ó Duibhne.

Ar ecūig coin ba coserach rēim,
Bran agus Seeōlang co seēimh,
agus Adhnuall co luas luin,
Caoldubh is Luath Luacha[i].r.

Atchoncamur, comhall nglē,
ēan-b[h]ean is ait[h]each rimpe ;
gabhal trom úir iarruinn fair,
muc leō 'na glaic ag s[c]rēachāigh.

620

625

630

635

640

645

x

650

x leg. gam' cheathrur -sa fān proinnigh.

Cuirmid-ne dia *bhreith* (?) scéal
Ua Duibhne fā derg a bhēl ;
do chasadur uadh *leath* ar *leath*
an ingean *is* in t-ait[h]each.

655

Do bhī in reithe tharla astigh
g cheathrur-sa fa proinnigh ;
is eadh do bhīmur astigh
a bhfēagmáis ar eon cūgear. Cūgear.

- 660 X. [24] "As iat sin fúaslacadh na gceast do chuiris orum, a Conāin," ar Fionn. "Beir būaidh Ɂ beannachtain, a rí-fhēindidh," ar Conān ; "is mōr maith in oirfide dhūinn bheith ag ēisteacht red ' scēlaigh[e]-acht." Is annsin adubairt Diorraing mac Dogha[i]r :
665 "Crēad dobeir dhūinn gan codhladh do dhēnamh ? óir in chéad-oidhche dobeir fear bean, is luaithide is āil leō codhlad é." "Eist, a Dhiorraing," ar Conān, "is gairid lind a bheith mur atāmuid, bheith ag friochnamh comhrāidh re chēile, úair atā ar ndiong-
670 mhāla do shean-mhiodh so-ōla ro-mhillis aguinn. Agus abair riom anois cia aga ndearna[dh] an dord fian ar túis a nÉrinn Ɂ cā lion bhí dhā dhēanamh." "Inneōsat-sa sin " ar Fiond. "Ag ceit[h]re macuibh Cermada mic Milbheōil mic in Da[g]dha do rinneadh é, Ɂ
675 naonbur laoch lān-chalma doniodh maille friú é ; Ɂ gach aon aga ndearnadh ó sin i lleith é, is naonur do chanadh é" ; Ɂ itbert in láoi ann :

680

An dord fiansa cídh dia ttá
ní fheadrait fir ināit mnā,
is ní feedruin[n] duine dhe
cia dorad dona fianaibh.

leg. fheadrann

o leg. do chumas astagh?

As dōibh do radadh ar ttús
in dord fiansa re iomthús,
ionmhain buidhen donīodh in chōir,
maenc Cearmada Milbheóil.

685

Cass mac Corāin cruaidh [a] ainm,
tri bliadhna aige a n-Olltaibh,
do chanadh aige re a lá
risin fhēin in dord fiansa.

canadh

Gach aon do ghabh flaithios fíor
ar na fianaibh gan dimbrigh,
naonur laoch gach fear don droing
co ttāinic mac mic Cubhaill.

690

Ón lá tānac-sa sun[n] seal
am' fhlaith fhēinne Gaodhal ngeal,
aon fear dég ar *fhichid* rem' lā
donīodh agum in dord fiansa.

695

XI. “ As iat sin fuaslacadh na geeist do chuiris orum, a Conāin,” ar Fionn. “ Beir búaidh is beann-achtain, a rífhēindidh,” ar Conān ; “ is maith in oirfide 700
γ in ealadha dhūinn a bheith ag éisteacht rē do mhilis-[25]chomhrādh. Agus innis dūinnanois, a mic Cumuil[1], caidhē caradradh Bruin γ Sceolang friot, γ cionnus fuaras iat, γ cia hiat na mic mhāthar atā acu a fianaibh Ereann γ iat ’na ndaoine.” 705
“ Indeōsat-sa si” ar Fionn. “ Feacht n-aon dā ttāinic mo mhāthair féin chugum-sa ar cuairt γ a deirbhshiūr maille fría .i. Muirnn Mionchaomh inghean Taeidhg mic Nuadhat mo mhāthair-sa γ Turnae Durrbhēl inghean Taoidhg a siūir, γ dob i 710 sin uair γ aimsir fā ttarla dhā rí-fhēnidhe Ulladh am’ fharradh-sa .i. Oilioll mac Eathach γ Daolgus

Fionn mac mic Cais Cuailgne ; Ɂ do bhí Oilioll ag
 suirghe le Turnae *inghin* Taoidhg .i. deirbhsiuir na
 715 māthur sin agum-sa, Ɂ do grādhaigh co mōr i ; Ɂ
 arna grādhughadh mur sin dō, do iar orum-sa mur
 mnāoi i, Ɂ do fhaomhus a taphairt dō ar acht fāna
 fagháil slán ionlán damh féin arís in úair do iarfuinn
 i ; Ɂ is uime do rindi[u]s sin .i. leandān bantshīogh-
 720 aidhe do uhí aige-sion .i. Uchtdhealbh inghean
 Collamhair a ttuaidh, Ɂ dob i sin dob cagail liom-sa
 do mhilleadh deirbhsechuir mo mhāthur ; Ɂ gidh
 eadh tucus dō i, Ɂ tucus as mo lāimh féin i a lāimh
 Oisín Ɂ Chaoilte Ɂ as lāim Caoilte a lāim Mic Luig-
 725 *dheach* Ɂ as lāimh Mic Luigdheach a lāim Dhiarmada
Mórna uī Duibhne Ɂ as lāimh Diarmadha a lāim Ghuill
 mic Morla Ɂ as lāim Ghuill a lāimh Lugdach Lāgha
 mic Eogain Taídhligh ; Ɂ tuc Luighaidh a lāimh
 Oillealla mic Eathach i Ɂ adubairt : ‘Is amhlaidh
 730 *slánadh* do bheirim-si in bhean sin duit-si, a Oillill, fāna
 fagáil slán ionlán d’Fionn Ɂ do na slána ar cheana,
 nó do cheann-sa do taphairt a lāimh Fhind.’ Do
 fhaomh Oillill sin ; Ɂ tar ēis sin rug Oillill Turnae
 leis dā thigh Ɂ do uhí aige nō gur toireheadh i. Is
 735 ann sin tānic leandān ban-tsīoghaidhe Oillealla mic
 Eathach a riocrt bhain-eachlaigh[e] do mhuintir
 Fhind chuíci Ɂ aduphairt ria : ‘Do cuir Fiond beatha
 Ɂ sláinti cugad, a rīogan,’ ar sí, ‘Ɂ adubairt friot
 eineach maith do dhēnamh ; Ɂ tarr amach co lapraind
 740 friot, òir atā d[e]ifir orum-sa.’ Do chuaidh an rīogan
 amach,” ar Fionn, “ Ɂ gairrit do chuaidh in tan tuc
 [an] uhain-eachlaich slat draíachta amach óna coim
 [26] Ɂ do bhual buille ar in rīogain dí, eo ndearna
 sadh bhreac-dearg di dob áille do connuibh in
 745 domhain ar in lāthair sin, Ɂ rue léi i co teach Feargusa
 Findlēith in oidheche sin i [i.] rí Átha Cliath ; òir
 is amhlaidh do bhí Feargus Findliath ina dhuine do

ba neamhchonchuire ar domhan, óir ní lamhthaí
 cú do thaphairt a n-éan-toigh fris; is tānic in
 uhain-eachlach mur a raibh Feargus Finnliath 750
 adupairt fris: ‘Do chuir Fiond beatha 7 sláinti
 chugad 7 aduphairt friot in cú-sa do choimhéad co
 maith 7 maith mōr do dhēanamh dhí, 7 go bfuil
 céan maith inti. Agus nā tapur sealg nā fiadach
 uirthi 7 go hāiridhe in úair mhēideōchus a brú 755
 iomchuir léi co maith.’ Iomthūs[a] Fearghusa
 Fhinnléith, tānic lā cīgin lena choin do sheilg 7
 d’fhiadhach 7 d’fhēachain ’nar chú maith í, 7 marbhús
 caogad fiadh in lá sin, 7 co ceand mīosa ’na dhia[i]gh
 sin níor bhlaís mōrán beathadh[ach], 7 do mhéadaigh 760
 a brú an[n] sin 7 ní tugadh sealg nō fiadhach uirthi.
 Ní raibh móran a nEirinn learrbh annsa na coin
 nā Feargus Finnliath ó sin amach. Dob í sin uair 7
 aimsir fā ttarla bean Feargus[a] Findléith taobh-trom
 torrach 7 do rue sī mac don toirrcheas sin, 7 rue in 765
 cū dhā chuilēn .i. sadh 7 fearchū. Agus do bhí ole
 eile ag leanmhuin mnā Fearghusa Findléith .i. fomóir
 mōr do thigeadh don bhfairge ag breith gach leinimh
 dā mbeireadh sī leis; 7 is amhlaidh do beireadh leis
 iat .i. do chuireadh in cruadh-lām fāda fhéit[h]each 770
 fhorgráinna do bhí aige trē mullach in tighe anúas
 7 mur sin do beireadh leis iat uathaibh uile.

XII. “Mo dhāla-sa,” ar Fionn, “tarla mē in lā
 sin ag dēnamh sealga a nUisneach Mhidhe 7 mē
 am’ shuidhe am’ dhumha sealga, 7 ní cían do bhí 775
 mē ann in úair do e[h]onaire mē aon macaomh dēag
 ag teacht dom’ ionnshaighe eo mbúaidh cerotha 7
 ndat[h]a 7 ndealbha 7 ndēanmhusa, 7 do bheann-
 aigh[ea]dur damh tresna déibh adharta; 7 do
 f[h]reagras-[s]a iat fān cuma cēadna 7 do f[h]iafraighi- 780
 [us]-sa cia hiat féin nō can asa ttāngadur. ‘Do iarramur

- mōrān do c[h]rīochaib in domuin ag iaraidh tiagearna
dilis diongmāla ē bhfuighmís sēan ɏ maoine ɏ
maith[i]us ' ar fear dhiobh. [27] ' Crēad iat na cearda
785 nó na healadhna doní sibh ? ' arsa misi. Do chudadur-
san a gceann scéal d'innisin damhsa ann sin. ' Mise '
ar in céadfear dhiobh ' Freagartach mac Fir Mōrfeas-
aigh .i. fear fuaishluiethi ceasta is fearr ar doman misi.'
' Mise ' ar in dara fear dīobh-sumh ' fear fadōighthi
790 teneadh is fearr ar bith.' ['Mise'] ar in treas fear
dīobh ' Dāil-gan-easbaidh .i. dāileamain is fearr
ar bith.' ' Misi ' ar in ceathramhadh fear dhiobh
' Mac Sobhartain .i. ronnaire is fearr ar bith.' ' Misi ' A 7th omitted v. notes.
ar in cūigeadh fear dhiobh ' fear cluais-ēisteachta
795 is fearr ar bith.' ' Mise ' ar in seiseadh fear ' trēanfear
is fearr ar bith.' λ " Misi ' ar in t-ochtihadh fear
' Comhluath-rē-gaoith .i. duine is luait[h]e ar bith.'
' Misi ' ar in naomadh fear ' Sgread mac Urchuir
.i. fear lāmhaigh is fearr ar bith.' ' Mise ' ar in
800 deachmadh fear dhīph ' Mac Drintere .i. dreapaire
is fearr ar bith.' ' Misi ' ar in t-aonmadh fear dég
dhīoph ' Faill mac Teltōigh .i. telltōigheach is fearr
ar bith ; uair is amhlaidh bhios an chor[r] is [a]
leath-shūil dūnta is a leath-shūil eile fosluicthe,
805 fionaim-si in tsūil dūnta gan fhios don tshūil
fosluicthe.'

- XIII. " Adubhras-[s]a gur maith na cearda sin
uile " ar Fiond, " ɏ adubras go bhfosdeōbhuiinn séin
iat ; ɏ dorinnedur a ecoraidh[e]acht riom ɏ do gcallus
810 a mbreith fēin do thuarustal dōibh ɏ do fhiarfaighi[u]s :
' Cā háit a bful an fear feasa ɏ fior-eōluis ? ' ' Atāim
sunda ' ar sē. ' Crēad na huile is mō [do]nīthear
a nĒirinn anocht ? ' ' Inneōsat-sa sin ' ar in
macaomh ; ' .i. Feargus Finnliath rí Ātha Cliath,
815 ɏ is amlaidh atā in fear sin ɏ fomōir mōr fairge ag

breith gach leinimh dā mbeirionn a bhean uadha
 rē seacht mbliadna dia[i]gh a ndia[i]gh ; ɿ ruc a
 bhean mac aniuadh ɿ bēaraidh in fomhōir leis anocht
 é.' Adubhrus-[s]a an[n] sin gur bee an t-ole sin a
 nÉirinn, gēr mōr in t-ole lena muinntir féin é. 820
 Adubhrus-[s]a fōs go ndēnain[n] féin bréag nó
 firin[n]e dē-sin .i. go rac[h]ain[n] féin in oidhche sin
 co teach **Fearghusa Finnleith**. Agus do gluaisimur
 romhainn co hĀth Cliath ɿ do chuadhmur insa
^{uchtain} ceuchair . . . ɿ ní fhuarlamur ann acht daoscairsluagh 825
 in toighi ; ɿ do bhī Fearghus Finnliath ag seilg an
 lá sin ɿ do bhī a bhean a ngrianān ārd uraoibhinn
 a ndiaigh an leanamh do breith dhi ; ɿ do hinniseadh
 dī sinne do bheith [28] 'sa mbaile, ɿ tānic an riogain
 chugain[n] ɿ in leanamh eidir a dhá lāimh ɿ fearus 830
 fālte frinde, ɿ cuiridh in leanamh am' ucht-sa ɿ
 adubairt : 'Ar do c[h]omairee féin, a Fhind, ɿ ar
 cumairci fhian Éirion[n] uile in leanamh bee sin do
 cuireadh it' hucht go lān-shoillsi an láoi amāraigh.'
 Do imidh an riogan roimpi an[n] sin, ɿ tuc[adh] 835
 ceathramha thuire ɿ measuir mheadha euguinn, ɿ
 adubart-sa : 'Taiscaight[h]ear súd nō eo d[t]jí
 Fearghus Finnliath,' ɿ dorōnadhb amhlaidh sin.
 Gairit dūinn ina dhiaigh sin in trāth tānic Fearghus
 Finnliath don bhaile ɿ fearus fālte frinde ɿ do chuir 840
 fios ar lucht an bhaile ɿ do līonadh in teach mōr uile
 dona maithibh aguinn ar gach taobh, ɿ do goiriús-[s]a
 ar fhear fadōigh[th]e na teineadh ɿ adubhrus ris
 t[e]ine d'fhadógh co luath dona maithuibh. Do
 ēirghe an fear sin eo humal ēascaidh ɿ do glac maidi 845
 fuair astīogh ɿ do sgoilt é ɿ do fhadógh teine mhór
 ann conār fadōigheadh a ttigh mōr na hAlmaine
 a macasamhla do teinidh. Tucadh eugainn ann sin
 [an] ceathramha thuire do taiscaigheadh reimhe sin
 uaind. Adubras-[s]a risan ronnaire ēirghe ɿ sin do 850

roind. Do éir[gh]e in ronnaire Ɇ do roind an fheóil Ɇ ní raibhe 'san eeuirt uili gan a bh[eith] subhach sāitheach di. Agus adubras-[s]a mur in geēana frisin dāileamhain ēirghe Ɇ in mheasair mheadha sin
 855 do dhāil for cách. Do ēirghe in dāileamhain Ɇ do dhāil in mheasair for na sluaghaimh, guruho measca meadhair-caoin uili iat, gur thuit gach aon dīobh seacha. Agus do dēargaigheadh iomdha dhamh-sa ann sin Ɇ do chuadhus uirthi Ɇ do ghoiriū ar an fear
 860 éistachta Ɇ ar in tréanfear Ɇ adubrus[s]a leō bheith ar colbha mo leaptha féin Ɇ faire Ɇ forecoimēad maith do dhēanamh dhūinn Ɇ thairis gach ní in leanamh do choimēad eo maith ar eagla in fhomōir.

XIV. “Do uhāmur mur sin trēimsi Ɇ tamall. Is
 865 ann sin do labhair in fear éistachta Ɇ as eadh adubh-airt : ‘Do chluinim tairm Ɇ treathan in fomhō[i]r ag teacht ar in fhairge fo thuaith.’ ‘Cā háit a ttioefa fā thír ?’ ar in tréanfear. ‘Ag Beinn Éadain’ ar in t-éistóir. Nírbh fada dhōibh mur sin in tan adubhaint
 870 in t-éistóir [29] risin tréanfear : ‘Tāinic in fomhōir fō thīr a mBinn Éadainn’ ar sé. Agus nír shiubhail āth nō enoc nó tulach o Bhind Éadain nó co raibhe ar in bhfaichthi nach inniseadh in t-éistóir don tréanfear ; Ɇ ar tteacht don fhomór ar [an] bfaichthi
 875 amuidh, do dhūisigh mise,” ar Fiond. “Ar ndūseadh damh, is an[n] sin do shín in f[h]omōr an cruadh-lāmh fhada fhēitheach ro-neartmur trē fhír-mhullach an tighe anúas. Do fhiabraighius annsin cā raibhe in tréanfhear. ‘Atāim sunda’ ar in tréanfear.
 880 Adubhrus-[s]a fris breith ar lāimh in fhaithigh. Is ann sin do ruc an tréanfhear ar in lāimh Ɇ thug tair[r]ing neartmur uirrthi, gur bhúail eeand an fhathaigh ar mullach na bruighne don taobh amuigh co hanshocair. Tuc in fomōir tairring eile a[i]r-sean,

gur bhúail a c[h]eand ar mhullach na bruighne don 885
taobh astigh. Tug-san an dara tairring ar in lāimh
gur thairring in lāmh fada fēith-reamhar as a ghualing
γ as reamhar-chorp in fhir mhóir, gur thuit in lāmh
'na heaslainn mhóir mhīmhasaigh ar fiorlaoid na
bruighne γ na caithreach, gur chuir torann γ treathan 890
na lāimhe soilsi na bruighne γ na caithreach uile ass.
Do ēirghios-[s]a in sin " ar Fiond, " γ tucas fō
deara lōc[h]raind sholus-mōra do lasadh arīs, γ do
uhāmur ag fēachain γ ag ionghantus na lāimhe ;
γ mur do conaire in t-aitheach sin, do shín in lāmh 895
do bhī aige γ rue in leanamh beag leis do chliscadh
uaidh, γ ní raibhe acht áit in leinimh aguinn. Tāinic
bean Fearghus[a] chuguinn ann sin γ tue imdeargadh
mōr dhūinn γ as eadh adubhairt : ' Ní bful acht
clú γ alladh brēige oraibh, a Find agus a fhiana 900
Éreann ' ar sí; ' uair is doiligh daoibh cumairee
eile do dēnamh in uair nach ttairnic^x leibh aon
leanamh bee do choimhēad rē headh aon oidhche
amhāin.' līlī

XV. " Arna chlos sin damh-sa " ar Fiond, " do 905
ghlac nāire mē γ dob ē sin imdeargadh do ba mhō
liom dār bhfuarus roimhe sin ariamh. Agus do
ēirg[hi]us mochtráth arna mhārach γ m'aon macaomh
dēag maille friom γ do goiriús ar in lorgaire γ rue lorg
in fhir mōir go Binn Éaduin. Do f[h]iarfaighi[us]-sa 910
cáit a raibhe in fear dionguhāla ceist. ' Atāim sunda '
ar sē. ' Ceist dot ' theastaluibh curach cailg-dīreach
d'fagāil dūinn uhéarus ar muir γ ar mōr-fairrge sinn.' choastuibh
Agus ní mór eo ndubrumur sin in uair do choneamur
curach cailg-dīreach [30] luchtmur lēidmeach blāith- 915
bheandach sleamhain slíos-bhlāith luath-rēimeanidach
dar n-ionnsaighe ar feadh mara γ mōr-fairrge, γ dā
rāmh gheal-airgit fair γ é ag frais-iomramh na mara

ina thiomchioll, γ do chuaidh misi γ m'aon macaomh
 920 déag insa curach. Trí lá γ teōra hoidhche dhūinn
 ar muir γ ar mōr-fairrge nō co bhfacamur oilēan uaind
 ar in muir γ do c[h]uiremur ar ecurach a d[t]ír ann.
 Ní cian do uhāmur dā shiubail in uair do c[h]onecamur
 an dūnadh rīogha rō-mhaiseach γ pīolait ālaind
 925 iongantach γ sunnach íarnaide ina tiomchioll γ
 mōrān do chuaillibh fada reamur maille ris γ ceand
 duine ar gach aon cuaille dhīobh. ‘Is adhuathmurr
 grāineamhuiil suidhughadh an bhaile-si’ ar Fiord.
 ‘An fhuil fhios agat-sa, a Fhinn,’ ar na macao[i]mh,
 930 ‘cia hē in baile-so nō cia is tigearna fair?’ ‘Ní
 fheadur’ ar Fionn. ‘Aodh Ruadh is ainm d’fhior
 in baile-so’ ar iad-san; ‘ γ atā inghean aige γ as ī
 fear nō bean is luaithe ar bith í, γ as ī comha iarrus
 ar gach fear thig dā hiarraidh, coimhrith fria; γ
 935 mad ē in fear fhūiefus isi, bíaidh mur mhnaoi aige
 γ mad isi fhūiefus cision, baintear a c[h]eand dē
 gan fhuireach. Is amhlaidh sin do lónadh in cuaille
 ūd do cheanduibh.’ Do gluaisimur-ne docum an
 bhaile an[n] sin γ fuaramur Aodh Ruadh a n-oir-
 940 [e]achtus ar cnoc lāimb raisin mbaile, γ nīr shuiluhir
 ē ag ar bhfaiesin chuige; γ gērbh eadh, do fhiafraigh
 scēala dhínn. ‘Fiord flaith-fhēindidh Gaoideal
 sút’ ar fear dom’ mhuinntir-sa, ‘ γ is é [as] fearr
 aguinne; γ tānie sē d’iarraidh h’inghine-si mur
 945 mnaoi γ mur uhainchēile dhō féin.’ “Baoth in toise
 γ in turus dā chomhaosta theacht d’iarraidh m’
 ingine-si’ ar Aodh Rúadh co gruama feargach
 doichleach; ‘ γ gidh cadh, mā thic dhe-sion na
 comhtha atā ’na c[h]iond d’fhuaslacadh, bia[i]dh sī
 950 aige .i. coimhrith ría, γ madh fhāghbhann seision
 issi biodh sī aige, γ madh fhāghbhann sisi eisean, a
 cheand do uhain de gan fhuireach.’ Adubhrus-[s]a”
 ar Fiord “a taphairt a lāthair chuguinn; γ do

cuireadh fios uirrthi ɿ is amhlaidh tāinic sí amach
 ɿ corn dighe ina lāimh a ttuillfeadh deoch trī chaoga[d] 955
 òglaoch ann ɿ léine sreaphnaidhe srōil rēa geil-chneas.
 ‘Cia hagaibh doní coimhrith fria sūt?’ ar Aodh
 Ruadh. [31] Adubraus-[s]a rē Comluath-rē-gaoith
 comrith do dhēnamh fria. Is annsin do gluaisidur
 co ceand na coimhreacha ɿ ag turnadh don faighthe 960
 amach dhōibh, tōgbhus an inghean an cornn uirthi
 ɿ d’ibh d’aonn-digh é, ɿ as eadh adubairt: ‘A
 macaoimh’ ar sí, ‘is dōigh liom, an aontumha fada
 ina bfulim-si gur duit-si atā a ndán a caitheamh fā
 dheireadh.’ Agus is cuma ro baoi dā rādha sin ɿ 965
 do iadh a dhā lāimh fō Uhrāgait in macaoimh ɿ do
 chuir ortha ina chluais ɿ do thuit [seisean] ’na
 thoire[h]im súain ɿ sior-chodlata. Arna fhaixin
 sin damh-sa” ar Fiond, “do fiafraighius-[s]a cā
 raibhe m’f[h]ear lāmhaigh. ‘Atāim sunda’ ar sē. 970
 ‘Caith urchur ādhmur urmuisneach ar Comhlúath-
 rē-gaoith ɿ dūiscigh as an ecodla[dh] draoidheachta
 ina bful sē é.’ Níor failraigheadh sin leision; do
 ēirghe ina sheasamh ɿ do chuir a mhēar a suathnimh
 na sleighi sith-fhoda do bhí aige ɿ tuc rogha n-urchu[i]r 975
 dī, gur chuir ceand na sleighi tar in macaomh ɿ gur
 bhúail crand na sleighi ar droim a chind siar seachtair,
 gur fhaghadh coimreamhar an craind d’feilbh reamh-
 a[i]r fair, gur chuir an tsleagh a talmain feadh
 lāimhe laoich don taoibh eile de. Is ann sin tuc in
 macaomh cliseadh fair ɿ do ēirghe ’na sheasamh ɿ
 tuc lāmh tar a ghnūis ɿ tar [a] aghaidh ɿ dēac[h]us
 gacha taobh dhē ɿ do chī in macaomh mnā tar ēis
 forlonn na faichthe do e[h]jur tairsi; ɿ nār luaithi
 siodān do ghaoith Mhārta ag dol tar gach binn 985
 chnuic nó sléibhe co chéile inā in dighrim reatha ɿ
 rin[n]-luais do bhí léi. Arna fhaicsin sin don macaomh,
 tuc cliseadh codla fair ɿ ēirgeas don talmain co hārd

Tágaadh

990 7 reathas a ndia[i]gh na mnā; 7 dar leat féin ní mō nā tort chonchrinne^x luaithe do bhí aige a ndia[i]gh na mnā ón ceruinmughadh tuc sé a[i]r féin chum reatha, 7 ní mō nā ttrian na saighthe do chuaidh an bhean an tan do chuaidh an macaomh reimpi 7 do rue buaidh na coimhlinga. Arna f[h]aiesin sin damh-sa " ar Fionn, [32] " do labhrus 7 is eadh adubhrus : ' Neart ar do choraibh 7 ar do shlāntaibh, a Aodh, is leine an inghean feasta.' ' Is fior gurab libh ' ar Aodh Ruadh, ' ó rucabhar a búaidh.' 'Na dhiaigh sin do chuamur don uhaile 7 do heacradh 1000 teach álainn óla aguinn, 7 do uhāmur ann go ceann caoieidhsí ar mhios gan easbaidh bídh nó dighe oruinn.

1005 XVI. " As ann sin do ghlac náire mór mise fā a bheith a fhad sin a bhfēagmails luirg an fathaigh ; 7 do laphrus re mo mhuinntir 7 as eadh adubhrus, gur mhithe dhūinn lorg in fhathaigh d'iarraidh 7 co ndeachaidh fo dimhairiund dā fhad do bhīmur 'na fhēagmails. Do laphair in lorgaire an[n] sin 7 adubhairt riom-sa gan náire do bheith orm 7 nach fearr do 1010 bēaradh féin lorg in fhathaigh in céad-lá ar thír nā [do] bēaradh a ecionn bliadhna ar muir é 7 ar mōr-fairge. Is an[n] sin do ghabhamur ar ceead ag Aodh Ruadh 7 do chuadhmur i n-ar geurach ar feadh mara 7 mōr-fairrge 7 do caithemur seal d'ar n-aimsir uírrthi ; 1015 7 a geionn na rée 7 na haimsire sin do choncamur beann mōr chloiche uaind ar lār na mara, 7 do rucamur lorg in fhathaigh conuicee an mbein[n] 7 ní fhuaramur ón mbein[n] amach é, 7 adubhradur na macaoimh sin do bhī fariom-sa gurab ann sin do 1020 bhí an fathach. Arna chlos sin damh-sa, adubrus risin dreapaire dol súas 7 scéala na cloiche do thaphairt chuguinn. Arna chlos sin don dreapaire, do

għluais roimhe súas nō eo bhfaca a t-aitheach
 'na chodhla[dh] ɿ in leanamh bee lāimh ris ɿ ceangal
 ar ghualin[n] an fhaithigh i n-āit na lāimhe; ɿ do 1025
 c[h]jonaire seisear macaomh ag reaphradh ar feadh
 urlāir na caithreach ɿ dā culēin chon ɿ do amhaire
 in tor uile amlaidh sin ɿ tānic anúas 'na dhiaigh
 sin ɿ do in[n]is innioll in tuir uile. Adubhaint misi
 leision an[n] sin " ar Fionn, "an tealhōigheach do 1030
 breith leis ar a mhuin suas ɿ a fhēachuin in
 bhfēadfadis na macaoimh sin ɿ na culēin chon sin
 do e[h]jur eugam anuas. [33] Do chuadur-san suas ɿ
 do goideadur an leanamh bee ɿ in seisear macaomh
 ɿ in dā culēin con, ɿ ní hē amhāin, acht tucadur 1035
 leō a raibhé d'ór ɿ d'airgit ɿ d'arm ɿ do maithus annsa
 geathraigh uile ɿ tāngadur féin anúas an[n] sin ɿ
 do leigeamur ar siub[h]jal sinn ar feadh mara ɿ mōr-
 fairrge. Agus ní cían do chuamur an tan do ēirgħe in
 t-aitheach ɿ do lean sinne gan laige gan mhailis ɿ 1040
 ní rue oruinn nō gur gabhamur cúan ɿ caladħport a
 mBeind Ēaduın mic Cēidfir; ɿ mur do chonaire
 an culēin fear-chon cision chuguinn, do ēirgħe 'na
 sheasamh ɿ do anfadħ mion-ubhall nō mōr-āirne ar
 gach ēan-ruibe dā raibh uirri; ɿ ar tteacht don 1045
 aitheach do lāthair, do comhraic ris eo fiochmur
 feargach formata; ɿ tue in culēin seriob dā e[h]robh
 ɿ tairraing dā f[h]iacliabh fá ueht ɿ fā urbruinde an
 fhathaigh, gur leig a abach ɿ a ionathur uile amach;
 ɿ ag tuitim dhō tugus-[s]a bēim claidhimh dō gur 1050
 bheaneas a e[h]jeand de; ɿ rucamur a cheann ɿ a
 sheacht meic ɿ in [dá?] culēin chon eo teach Fearghusa
 Finnléith an oidheche sin, ɿ do uhāmur an oidheche
 sin ann fā lān muirne ɿ luthghāra; ɿ ar maidin ara
 bhārach do ēirgimur ɿ do fhāgamur a sheacht mic 1055
 ag Feargus Finnlíath, ɿ a raibhé d'ór agus d'airgit
 ann tueus dona macaomhuibh sin do uhī fariom

cūlēan

cūlēan

cūlēan

cūlēan

cúileán é, ⁊ do chongbhus in dá *cúlein* con agum féin ; ⁊ a ndhiaigh na ronna sin do fhiafraighius dona
 1060 macaomhuibh cia d' *folaibh* uaisle nó anuaisle in domain mō[i]r dhōibh. Adubhradur-san gurbh iat féin mic Eithleanda ⁊ go ttāngadar dom' furtacht-sa don cur sin ón ēigion a rabhus, ⁊ gach gābadh a mbia mē co brāth ó sin co ttuifead dom furtacht re mo
 1065 dhōigh do cur ionntadh nō re smuaintiughadh orrthu ; ⁊ do ghabadur a ceead agum-sa ann sin ; ⁊ dorini[u]s an láoi an uair sin ⁊ as i so hí :

[34] A buidhean is álainn dreach,
 [Fionn] abraidih riom ar bur n-eineach :
 1070 ós dom' mhuinntir-si sibh abhus
 cā hāit a bful bur mbunadhus ?

[Na macaoimh] A tTír Thairngire treabthaigh bhímaoid-ne cidir cheathaibh ;
 mic Eithleanda sin[n] gan ghus,
 1075 bīmid a reachtuib amhus.

Do hoileamhadh sinn, ní breág,
 ag Manan[n]ān na mōr-tréad ;
 ó'r n-oidi tángamur a le
 cugad-sa, a rí na féine.

1080 An uair rioefus tusa leas
 a geath nō [a] ceomlann nó a ttreas,
 smuaintidh oruinne ann sin
 is tiocfum dot' fōiridhín.

1085 [F.] Gurab soraidh dhaobh bur ttreōir
 a geriochaibh an domain mōir ;
 ós scarbhain dhūinn *is* dūibh[-se],
 budh fada re mo croidhe. A bhuidhean.

XVII. "Do imghedur an t-aon macaomh dēag uaim-si ann sin Ɂ tānac-sa co hUisneach Midhe mur a rabhadur fiana Éirion[n], Ɂ tucas mo dhá culēin 1090 con liom ann Ɂ tucus anmanna orro .i. Bran Ɂ Seeōlang, Ɂ do insios mo scéala féin dhōibh Ó thús co deireadh. Acht aonn-ní cheana, do cuala misi nach raibhe deirbhshiūir mo mhāthur ag Oillil mac Eathaich, Ɂ do cuirius fios ar a chionn Ɂ tānic dom' ionnsaighe, Ɂ do fiafraighios dhe cā raibhe in bhean tucas dhō Ɂ tuc maithe fhian Éirionn uile maille riom. Adubairt-san nach raibhe a bec nō a mōr dā scéaluibh aige. Do iarus an bhean ar na slāntaibh do bhī agum air-sean. Tānic Lughaidh Lāga a 1100 lāthair arna chloss sin Ɂ tuc a b[h]riat[h]ur co ttioibhradh ceann Oillealla mic Eathach am' lāimh-si Ɂ a lāimh na féine mura bhfaghadh Turne inghean Taidhg mic Nuadhat annsa cruth a tuc sē uadha i. Do iarr Oillil mac Eathach cairdi [orm] Ɂ arna 1105 slāntaibh uile ionnus co ndeachadh d'iarraidh na hinghine Ɂ tue a bhriat[h]ur co ticceadh chuceu-san arís dā bhfaghadh í nō dá mbeith gan a faghāil. [35] Tucamur-ne uile in chairde sin dō. Do imidh Oillill roimhe mur a raibhe a lea[n]dān ban-tshīoghaidhe 1115 Ɂ do innis dī in t-a[dh]bur fā ndeachaidh sē dā hionnsaighe. Adubairt sisi : dā ttacadh seision a breath féin dī co saorfadh ón ecás sin ē. Do gheall seision sin dī ; Ɂ do gluaisidur rompu co teach Fearghusa Finnléith Ɂ tucadur in c[h]ū leō co long-phort na féine Ɂ tucadh na cuir céadna dhī-si fāna breith d'fag[h]āil, Ɂ as í breath ruc sī, Oillill do bheith aici 'na fhear tairis mnāibh in domain. Agus a ndiaigh na slāna sin do daingniughadh tucc si flease dhoilbhthi draoidheachta óna cuim Ɂ do bhúail in c[h]ū dhī Ɂ dorine riogan cruthach chaomh-ālainn di ; Ɂ do innis in riogan .i. Turnae, gurab í féin do ruc an dā chulēin 1125

chon sin a ttigh Fearghusa Finnléith an uair do bhí
 sí 'na coin ann. Do thairg Uchtgheal damh-sa .i.
 1130 an ban-tsioghaidhe, na cuiléin sin do chur a reachtuibh
 daoine ⁊ adubart-sa : dāmadh mē féin a n-athair
 comadh fearr liom a mbeith mur sin nā a mbeith
 'na ndaoiniuibh. Imthūs[a] *Lugdhach Lāga*, dob
 ēigion Turnae d'fag[h]āil dō féin do luach chor-
 1135 aidh[e]achta ⁊ tōraidh[e]achta 'na tiomchioll, go rue
 sī triur mac dō .i. Sciath Breac ⁊ Caol Crodha ⁊
 Eog[h]an Ruadh ⁊ as iat-sin na trī mie māthur atā
 ag Bran ⁊ ag Sceōlang a bh[f]janaibh Éireann " ar
 Fionn. " Agus as íad sin fuaslacadh na gceasadh do
 1140 chuiris orum, a Cannāin " ar Fiond.

XVIII. " Beir buaidh ⁊ beannachtain, a rí-
 fhēnidh " ar Conān ; " is mōr in t-urgāirdiughadh
 meanma ⁊ aigeanta dhūinn a bheith ag éisteacht
 read ' bind-briathraibh ; ⁊ abair riomanois crēad
 fār liath tú ⁊ h'óige, ⁊ crēad fā bful aoiphle ataithsi
 ar do ghnūis ⁊ neim nait[h]reach ar do theanghaidh
 ⁊ mosrughadh mairph ar do chloinn ⁊ fuaire an umha
 id' leathor, nō cā fad do bhī tú mur sin nō an bfulir
 mur sin fós." " Inneōsat-sa sin " ar Fionn. " Aon
 1150 do lō dā raibhe misi ⁊ maithe fhian Éirionn a.
 nAlmhain ag ól ⁊ ag aoibhnus, ⁊ tarla aimhsughadh
 mōr eugum ann .i. dias ban do *Tuathaibh Dé Danann*
 tuc grādh damh-sa a n-aoin[fhe]acht ; ⁊ is amhlaidh
 tarla dhōibh a bheith 'na ndias ndeirbhseathur dhā
 1155 cēile, [36] eadhōn Miodhluachar ⁊ Aighne a n-anm-
 anna, ⁊ tug an dara bean dīobh freiteach nach
 rachadh sīle fear liáth co brāth .i. Aighne. Arna chlos
 sin do Miodhluachair .i. a derbhshiur eile, do thionōil
 sī draīdhthe *Tuath Dé Danann* a n-aon-ionadh ⁊
 1160 do dhealbhadur loch doilbhthe draīdh[e]achta ar
 leath-taoibh Shlēibhe Cuillinn Chúailgne .i. do budh-

[de] chloind Cuillinn Chuailgne an días ban sin féin; Ɂ dā ndeachdís fir domain faī in loch sin, do badh liath iat dā éis. Agus ó thairnic dhōibh an loch do dēanamh amhlaidh sin, tānic sí féin a riocht eilidi 1165 ēadtruime eadarbhuisaigh[e] ar in bhfaighthe chugum: Ɂ is amhlaidh tarla damh-sa a bheith am' aonur ar in bhfaighthe, Ɂ óte[h]onaire [mē] an eilit uaim, do-rionnus feed ar na conuibh, Ɂ ní chuala cū nō duine dā raibhe isin mbruighin nō 'san mbaile 1170 an fhead acht Bran Ɂ Seeolang, Ɂ tāngadur amach a g[e]ead-óir, Ɂ do leigios don fhiadh iad Ɂ do għluisedur rompu Ɂ ní rue na coin ar dhol ionnsa bhfiadh eo rāinic Sliabh Cuillinn Chuailgne a geōicidh Uladh; Ɂ do leanus féin iad am' ghaisibh gāibteacha 1175 gēar-luatha glan-reatha gan aonn-duine dom' mhuintir agam, Ɂ gēr ghairid an eilid ó na conuibh, do ba giorra nā sin na coin uaim-si; Ɂ ó rāinic in eilid in sliabh, tuc sī cor dona conuibh, conār fheidir siat cā haird d'airdibh an domain a ndeachaidh sí uath-aibh. Do għabb ionghantus mōr misi uime sin " ar Fionn, " .i. eo bhfūigfeadh fiadh ar doman Bran Ɂ Seeolang, Ɂ dorinnus comhnaidhe ar in tsliaph ag amhare uaim gacha taobha; Ɂ ní cian do uhādhus [ann] an tan do e[h]oneus loch linn *ālainn* grian-sholusda fo bhun an tshlēibhe Ɂ inghean e[h]ruthaeh e[h]jaomhālainn ar brū in locha lān-sholusda sin Ɂ í co dubhach dēarach dobrōnach; Ɂ tānac-sa mur a raibh an inghean Ɂ d'fhiarfaighius fāt[h] Ɂ adhbhar a dubhrōin don inghin. 'Ag snāmh do bhīos ar in loch-so 1185 ó chianaibh,' ar in inghean, ' Ɂ do bhīdur dhā fail óir agam Ɂ do thuiteadur isin loch uaim, Ɂ as é sin adhbhar mo dubrōin,' ar in inghean. Is ann sin do f[h]iafraighe an inghean cia hē in gaisgeadhach anaithnidh do bhī ag fiafraigh[e] sgéal dí. Do innisius gur 1190 mē féin Fionn. [37] 'Mās eadh' ar in inghean,

* linn - ālainn

‘do chualus féin do theist Ɇ do t[h]uarusgbāil Ɇ do
 ghal Ɇ do ghaisceadh Ɇ do bhuadha iomdha Ɇ gur
 teare én-ní ’sa doman nach ēireōchadh leat ionda
 1200 ecuirfeā dúil ; Ɇ ó tā sin mur sin, cuirim geassa nach
 fuilngit fior-laoich fort-sa an dā fhail óir úd do thabairt
 chugum as an loch.’ Arna chlos sin dam-sa ” ar
 Fionn, “nīr mhaith liom mo c[h]jur fo geassaibh,
 Ɇ gidh eadh nīr fhuilngeas co fada fō na geassaibh in
 1205 tan do c[h]uirius mh’ éadach dhiom Ɇ do chuadhus isin
 loch ; Ɇ nī fada do bhādhus [ann] an tan fuarus in
 dā fhail óir sin Ɇ tucus urchur dīobh d’ionnsaighe na
 hinghine, Ɇ do gabh iad ’na lāimh Ɇ tuc cūl don loch
 Ɇ nīr fheadur misi cā conair ina ndeachaíd uaim ;
 1210 Ɇ tānac-sa fō thir a geēad-óir an[n] sin ; Ɇ gēr ghairid
 uaim mh’ éadach, nī raibhe do shiubal nō do lāidir-
 [e]acht ionnam dol conuige é an tan dorineadh seanóir
 erion cūl-liath enāimh-arsaidh dhiom ; Ɇ tāngadur
 mo dhā choin cugum Ɇ nīr aithnighduri mē, Ɇ do
 1215 imgedur uaim a ttiomchioll in locha ar gach leith
 dom’ iarraigdh-si. Agus ní cian do bhādhus mur
 sin an tan do c[h]onaire mē Caoilte Ɇ tosach na féime
 dom’ iarmhōiracht Ɇ tāngadur ōs mo chiond-sa Ɇ
 (an ní nár bh iongnadh) nīr aithnidar mé. Do labhair
 1220 Caoilte ann sin Ɇ as eadh adubhairt : ‘A sheanóir’
 ar sē, ‘an bhfacuis eilid Ɇ dā choin ’na diaigh Ɇ
 aon laoch a ndiaigh na geon ?’ Agus d’fhiabraigh
 dhiom-sa narbh íascuire mē, Ɇ adubhrus nár bh eadh
 Ɇ nach raibhe neart nō lāthur ionnam asa ndéanainn
 1225 iaseuracht ; Ɇ adubhrus co bhfacus an eilid Ɇ na coin
 ’na diaigh Ɇ an gaisceadach ag ēirge isin slíabh Ɇ
 nach raibhe mórán dā bhfios agam ō sin a leith.
 Tug Oisín baramhail an[n] sin co raibh fios
 Fhinn Ɇ na geon agam-sa ; Ɇ gidh eadh nīr lamus
 1230 a innisin dōibh gur mē féin Fionn. Agus tānic
 troms[h]luagh na féine eugainn ann sin Ɇ do bhādur

ag fiafraigh[e] scéal dīom-sa ann, ⁊ adubairt Caoilte
in láoi :

[38] [Caoilte] Cā fad ō thāinic tú a leith,
a fhir mōir, a iaseuire ?
an bfacaí eilid ag teacht 1235
agus coin 'na coimeadacht ?

[Fionn] Do choneus ō chianaibh gach ní
dā bful sib d'iarrайдh : oca iarrайдh?
dā choin lúatha go traitce
ag leanmhuin na heilidi. 1240

Aon c[h]ú díobh do bhī ar túis,
is meabhair liom a n-iomthūs,
agus óglach lúath 'na ngar,
nocho [n]deachadur uadh a bfad. Cā f.

✓ XIX. “Tāngadur in fhian uile gach[a] taoibha 1245
dīom-sa ⁊ do uhādur ag sīor-leanmhain scéal orum ;
⁊ do innisius dōibh fā deōigh gur mē féin Fionn ; ⁊
nīr c[h]reididur mē ⁊ do mhaslaighduri mē eo mōr re
teangaidh ⁊ do fhōbradur sleagh gacha fir do 1250
s[h]āthadh ionnam. Is ann sin do ēirgios am'sheasamh
⁊ do ghoiriús Caoilte ar fód fō leith ⁊ do innisius mo
scéala féin dō ō thús co deireadh, ⁊ do c[h]reid Caoilte
in sin gur misi Fiond, ⁊ do ēir[gh]e atharughadh dealba
⁊ crotha ar Caoilte ann sin re misi d'fhaicsin ionnsa 1255
riocht sin, ⁊ do innis sin don fhéin uile. Arna chlos
sin don fhéin, do līonadur do thuirsi ⁊ do dhobrōn
⁊ do leigedur trī gārtha mōra ōs aird a ttiomchioll
in locha ; gurab de sin atā Loch nDoghra ar in loch
sin ⁊ biaidh eo brāth. Is ann sin dorinnedur an fhian
eilitrom damh-sa do chaolach na coilleadh ⁊ do 1260
iome[h]radur mē eo mullach an tshlēibhe eo sīth

Cuillinn Cuailgne, γ do t[h]iomSIDUR seacht ceath[a] na gnāthfhēcine cum an tsīodha γ do uhādur trí lá γ teōra hoidhche ag toghail γ ag briseadh an tsīodha.

1265 A ccionn na trī lá sin tānic Cuillionn amach as in sīth dar n-ionnsaighe γ easera ālainn ūrdhuidhe ina lāimh, γ tuc am' lāimh-si é γ adubairt riom deoch d'ol as ; γ do ibhios deoch γ ar n-ol na dighe damh, tānic mo dhath γ mo e[h]ruth γ mo neart fēin ionnam ann sin, [39] γ do imgedur na huile aimsiughthe γ adhghaill dā raibhe orum acht in lēithe amhāin, ūir do bhí mo leath-fholt mur airgead aon-gheal arna niamhadh do dheagh-c[h]eard γ do bhí mo leath-fholt eile mur ūr-snāth arna niamh-ghanadh ; γ do 1275 thairg Cuillion Cuailgne dhamh-sa ann sin co ceuirfeadh sē dath [mo]fhuilt fēin ar mh' fholt-sa γ ure[h]ra fair ; γ do rucus do roghain in dath tarla ar m'fholt a bheith air γ a bheith gan urchra. Agus ar n-ol na dighe dhamh, tucus in courn i lāimh Mic Reithe

1280 γ do ibh deoch as ; γ in uair dob āil leis in corn do shīeadh a lāimh an shir ba neassa dhō, tuc an t-easera cliseadh as a lāimh ar in talmain, γ do reathadur an shián 'na dhiaigh γ gēr maith do reathadur ní rucadur fair, co ndeachaidh 'sa talmain 'na [b]fhiadhn-

1285 uise ; γ ba mōr dubrōn γ tuisi fhian Éreann uime sin γ nírbh iongnadh dhōibh, uair dā n-ibheadh in fhian uile deoch as, do bhīadh fios γ fior-eolus acu uile mur atā agum-sa γ ag Mac Reithe. Agus ag sin duit-si, a Conāin, mur do líath misi ar túis." Agus 1290 adubairt Fionn an láoi ann :

Miodhlu[a]chairs is Aignac fhial,
 dhā bhan-draoi [do] bhí 'sa sliabh,
 do charsat mē cechtur dhe,
 dhā inghin C[h]uillinn C[h]uailgne.

Freitighus Aighnae fhial
 a dhol eo brāth re fear líath
 's nach rachadh le fear dhā thoigh
 acht madh fear óg anarsaidh.

1295

Tionōlus Miodhluathchair mhall
 draoithe **Tuatha Dé Danann**
 nō gur dhealbhustair-sean trá
 an loch doilbhthe draoidh[e]achta.

1300

Tēid roimpe Miodhluathchair mhais
 gusin tTeamhraigh treathain-ghlais ;
 do chuaidh a riocht eilidi de
 inghean e[h]aomh C[h]uillinn C[h]uailgne.

1305

Do leansum an fiadh luaimneach
 ēattrom eirluath iomshuaimhneach,
 agus níor sguiremur de
 co loch Sithe Cuilinn Cualgne.

1310

Aon-bhean ar brū in locha láin
 gan uamhan, gan iomurseáil
 do rat a gceist misi de
 fā dháltaibh na hingine.

= luchair

[40]

“ Crēad do rad ann sin thū, a bhean,
 a inghean luachair lāim-gheal ? ”

1315

“ Dhā fhail óir do bhí fōm' laimh
 do chuadur 'sa loch lind-bháin.

“ Geassa ort-sa, a Fhind fhéil,
 mun' ttucadh tusa in lēim
 ar ceand m'uincceadh óir 'sa loch
 's a ttaphairt dham gan lān-locht.”

1320

1325

Ann sin do lingus an lēim,
nocharbh ē dob fearr dom' chēill ;
an leath do lingus fōn loch
as eadh ro liath co lān-mhoch.

1330

As ī sin an c[h]eist iar bhfior,
a Channāin gusan gcaom-ghniōmh,
folt mo chind ro liath co mbladh
as eadh ro mhīll mad (?) liathadh. X

1335

XX. "Beir buaidh Ȑ b[ean]nachtain, a rí-fhēinidh," ar Conān, "is binne nā céol crot bheith ag ēisteacht re bind-c[h]omhrādh do bheōil ; Ȑ ar grādh h'einigh innis damhanois, a rí-fhēinidh, cionnus fuarais an fios forbhartach fior-eōlach atā agad ; Ȑ ní hé fios an bradāin nō fios thoighe Cuanna atāim d'iarrайдh ort." "Inneōsat-sa sin" ar Fionn. "Tiobraid atā ag Bec mac Buain Ȑ is do Thuathaibh Dé Danann an fear sin, Ȑ gach duine ibhus deoch eisdi, bīdh fios 1340 forbartach aige dā ēis Ȑ budh fáidh é go bás re fírinne ; Ȑ síad bhīos ag coimhēad na tiobraide sin .i. trī hingeana an Bheic .i. Cēibhfionn Ȑ Teacht Ȑ Arbach Ȑ as ī Cēibfiond as sine dhíobh Ȑ as i dhāilius an tiobraid ar gach duine c[h]eandaighius hí ; Ȑ dobeirthi trī 1345 céad uinge do dearg-ór ar lān gach ēan-easra don tiobraid sin. Agus tarla misi aon do lō ag seilg na feagh-sa mur a raibhe iomat fiadhaig[h], Ȑ tānac ar mhullach Cairn bhFearadhaigh Ȑ ní raibhe fariom annsin acht Dīorraing mac Doghuir Ȑ Mac Reithe; 1350 Ȑ ní cían do bhāmur ann an tan do c[h]oncamur dorus an tshīodha osluicthe romhain[n] Ȑ do ionnsaighmur é gan fhuireac[h]. Arna fhaicsin sin do trī hingeana-a[ibh] Bheic mic Buain, do ēirghedur go hat[h]-lamh do dhūnadhbh an doruis, Ȑ tugadur a lāmh[a] 1355 uile a n-aoinfheacht do thao[i]ph [astigh] ag dūnadhbh

X feadh - sa (gen. pl. of fiadhbh)

an doruis romhain[n] ɏ tucamur-ne ar ngualine ɏ
 ar lāmha a n-aoinfheacht don taoibh amuidh dā
 fhoslacadh orra-san ; ɏ is amhlaidh tarla do Cēibh-
 fionn a bheith an uair sin ɏ lān an easera don tiobraid
 ina lāimh ; [41] ɏ ag iadhadh na comhladh oruin[n] 1360
 dī, do dhort taosc mōr don digh innar mbēil-ne, gur
 fhan fios fior-eōlach aguinn ō sin a leith," ar Fionn.
 "Agus as ī[ad] sin fuaslacadh na gceist do chuiris
 orum, a Cannāin," ar Fionn ; ɏ itbert in láoi :

Trī hingine Beic mic Buain,
 1365
 is acu ibhid na sluaigh ;
 is uatha sin atā thall
 fios dearbhtha *Tuath Dé Danann.*

Tobur atā thall 'sa lios
 is ann dogeibhthur gach fios ;
 1370
 is dearbh do gach aon ros blais
 gurab ī sin an t[s]eaghais.

Gē do fuerus in t-eō fis,
 neimhthnī co rānac an t[s]eaghais ;
 as ē in fios fo[r]burtach damh
 1375
 ō rānac an triur inghean.

XXI. "As iad sin fuaslacadh na gceist do chuiris
 orum, a Conāin," ar Fionn. "Beir búaidh ɏ b[ean]n-
 achtain, a Find," ar Conān, "is mōr in t-iontas
 meanman ɏ aigeanta dhūinn bheith ag ēistacht 1380
 friot. Agus abair friom, a rí-fhēnidh, caidhē na
 headha oeisi fuit agad fēin ar nach eagal leat bās
 d'fag[h]āil nó co ecailtear iad ; ɏanois innis damh
 caidhē 'oīdhacht Finn co teach Neōid.' " "Inneōsat-
 sa sin" ar Fiōnd. "Aon do ló tharla misi am' aonar 1385
 ɏ mē am' giolla ōg anarsaidh, ɏ do chuadhus co

teach Neōid ; Ɂ is amhlaidh do uhī Neōid : is tearc
 do bhī 'sa doman duine badh doichligh[e] nā é Ɂ co
 hāirithe ní raibhe a nEirinn a gcoimaimsir ris féin
 1390 duine badh doichligh[e] Ɂ do badh measa eineach
